Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

# I gCroílár OÉ

## Tuarascáil Dhébhliantúil 2016-2017



Cearnóg Mhuirfean le hoifig OÉ sa chúlra.

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

## CONSTITUENT UNIVERSITIES
## OLLSCOIL NA HÉIREANN

**University College Dublin**
An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath
**www.ucd.ie**

**University College Cork**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
**www.ucc.ie**

**NUI Galway**
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
**www.nuigalway.ie**

**Maynooth University**
Ollscoil Mhá Nuad
**www.maynoothuniversity.ie**

## RECOGNISED COLLEGES OF NUI
## COLÁISTÍ AITHEANTA OLLSCOIL NA HÉIREANN

**Royal College of Surgeons in Ireland**
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
**www.rcsi.ie**

**Uversity**
**www.uversity.org**








## COLLEGES LINKED WITH CONSTITUENT UNIVERSITIES
## COLÁISTÍ CEANGAILTE LEIS NA COMH-OLLSCOILEANNA

**Burren College of Art**
Coláiste Ealaíne na Boirne
**www.burrencollege.ie**

**Institute of Public Administration[1]**
An Foras Riaracháin
**www.ipa.ie**

**National College of Art and Design**
Coláiste Náisúinta Ealaíne is Deartha
**www.ncad.ie**

**St. Angela's College, Sligo**
Coláiste San Aingeal, Sligeach
**www.stangelas.nuigalway.ie**

**Shannon College of Hotel Management**
Coláiste Óstа na Sionnainne
(anois ina Scoil sa Choláiste Gnó, Beartais Phoiblí agus Dlí in OÉ Gaillimh)
**www.shannoncollege.com**








1 Beidh an Foras Riaracháin ina Choláiste Aitheanta de chuid OÉ ó Mheán Fómhair 2018.

# Ráitis Oscailte

Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

Tá neart athruithe tagtha ar an ardoideachas ó bunaíodh Ollscoil na hÉireann (OÉ) sa bhliain 1908. Anois sa chroílár de chónaidhm scaoilte d'institiúidí neamhspleácha, féachann OÉ de shíor le dul in oiriúint agus le freagairt d'athruithe i gcúinsí oideachais, sóisialta agus eacnamaíochta.

Is é an misean leanúnach d'OÉ in Éirinn na linne seo creat tacúil a sholáthar dá hinstitiúidí cónaidhme, agus cuspóirí na hOllscoile a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin cuidiú le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta. In Ollscoil na hÉireann faoi láthair tá ceithre Comh-Ollscoileanna, dhá Choláiste Aitheanta agus cúig Choláiste de chuid Comh-Ollscoileanna. Ina ról mar ollscoil chónaidhme, faoi láthair is í OÉ an eilimint is mó de chóras ollscoile na hÉireann.



Mar phointe fócais uathúil agus stairiúil in ardoideachas na hÉireann, freastalaíonn OÉ ar leasa na mball-institiúidí trí sheirbhísí a sholáthar. Nasctha leis seo, cuireann OÉ stádas náisiúnta agus idirnáisiúnta Ollscoil na hÉireann mar iomlán chun cinn, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann leis an léann, le cur chun cinn an ardoideachais, agus le saol cultúrtha agus intleachtúil na hÉireann.

Bhí dhá bhliain an-ghnóthach ag OÉ, le seirbhísí a sholáthar do mhic léinn agus céimithe, le gradaim a bhronnadh, le toghcháin a reáchtáil, le hócáidí a óstáil, le tacú le foilseacháin léinn, le páirt a ghlacadh in ócáidí bronnta agus ócáidí bronnta oinigh in Éirinn agus thar lear. Ócáid an-suntasach in 2016 ab ea comóradh an chéid ó rugadh Thomas Kenneth (Ken) Whitaker an 8 Nollaig 1916. Thug OÉ ómós ar leith don Dr Whitaker, Seansailéir na hOllscoile ó 1976 go 1996, agus bhronn siad scrolla ar leith air, é sínithe agam féin, an Cláraitheoir agus Uachtaráin na gComh-Ollscoileanna. Mí ina dhiaidh sin, in Eanáir na bliana 2017, fuair an Dr Whitaker bás. Bhí sé ar dhuine de na hÉireannaigh ba mhó le rá i stair an Stáit agus, mar Sheansailéir ar feadh fiche bliain, rinne sé cion leanúnach d'OÉ.

In *I gCroílár OÉ*, déantar suntas dá bhfuil bainte amach ag OÉ in 2016 agus 2017, agus tá áthas orainn é a roinnt libh.

**An Dr Maurice Manning**

SEANSAILÉIR NA HOLLSCOILE

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Ráitis Oscailte | 1 |
| Tuairisc an Chláraitheora | 2 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn agus Céimithe | 3 |
| Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta | 4 |
| Duaiseanna agus Scoláireachtaí | 6 |
| Seanad Éireann agus Comhghairm OÉ | 7 |
| Fíricí agus Figiúirí | 10 |
| Ócáidí | 12 |
| Foilseacháin | 14 |
| Cartlanna | 16 |
| Foireann | 18 |
| Stair | 19 |
| Rialachas agus Airgeadas | 20 |

# Tuarascáil an Chláraitheora



Leag OÉ amach na ceithre sprioc seo a leanas don tréimhse 2014-17.

**1**
Luach a chur leis na ball-institiúidí agus an luach a cuireadh leo a léiriú

**2**
Tairbhe a bhaint as láidreacht an bhranda OÉ go hidirnáisiúnta agus athshainmhíniú a dhéanamh ar chiall an bhranda go náisiúnta

**3**
Ról dioscúrsach a fhorbairt agus cuir leis an tsochaí shibhialta

**4**
Scoláirí agus an léann a chur chun cinn.

I ngach ceann de na blianta sin, i dTuarascáil an Chláraitheora don Seanad (bord rialaithe OÉ) leagadh amach go mionsonrach an dul chun cinn a rinne OÉ chun na spriocanna sin a bhaint amach. Cé nár baineadh gach sprioc amach go hiomlán, ar an iomlán táimid sásta gur rinneadh dul chun cinn maith chun na nithe a bhí mar spriocanna againn a bhaint amach. Le *I gCroílár OÉ* tá súil againn tuairim a thabhairt ar a raibh ar siúl againn agus ar raon na dtograí agus na ngníomhartha ina rabhamar páirteach.

Tá ár spriocanna don chéad chéim eile 2018-2022 á n-ullmhú againn faoi láthair agus táimid ag tnúth le bheith ag obair agus ag tacú le cónaidhm ollscoileanna agus coláistí OÉ sa tréimhse sin.

An Dr Attracta Halpin
CLÁRAITHEOIR

## SONRAÍ TEAGMHÁLA


| | |
|---|---|
| SEOLADH | Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire |
| UAIREANTA OSCAILTE OIFIGE | 9:15am – 5pm Luan – Aoine (ach amháin Laethanta Saoire Ollscoile, Poiblí agus Bainc) |
| TEILEAFÓN | +353 (1) 439 24 24 |
| MEÁIN SHÓISIALTA | Baineann Ollscoil na hÉireann úsáid as a hardáin ar na meáin shóisialta chun caidreamh a dhéanamh le mic léinn, céimithe, baill foirne, alumnais duaiseanna, ball-institiúidí OÉ, institiúidí ardoideachais eile, agus an pobal i gcoitinne in Éirinn agus thar lear. |

**www.nui.ie** **National University of Ireland** **@NUIMerrionSq**

# Seirbhísí do Mhic Léinn agus Céimithe

**41,614**

pár agus teastas clóite do 150 searmanas bronnta ag OÉ in 2017




### Riachtanais Máithreánaigh agus Díolúintí

Tá freagracht reachtúil ag Seanad OÉ as bunriachtanais máithreánaigh (iontrála) a leagan síos d'ollscoileanna OÉ; riarann OÉ iad seo i gcomhairle leis na Comh-Ollscoileanna agus na Coláistí Aitheanta. Má tá mic léinn incháilithe ar dhíolúine ó roinnt de na riachtanais seo (i.e. Gaeilge agus tríú teanga), déanann OÉ caidreamh le scoláirí, tuismitheoirí, treoirchomhairleoirí agus scoileanna, ag soláthar eolais agus tacaíochta tríd an bpróiseas iarratais díolúine. Rinne OÉ próiseáil ar 2,936 iarratas in 2016 agus ar 3,018 iarratas in 2017 i dtaca le díolúintí agus breithiúnas ar chúinsí eisceachtúla.

### Searmanais Bronnta

Táirgeann OÉ páir agus teastais do na searmanais bronnta uile i gComh-Ollscoileanna agus Coláistí Aitheanta de chuid OÉ. Sa bhliain 2016, chuir OÉ 41,800 pár agus teastas i gcló, le dáileadh ag na 210 searmanas bronnta a eagraíodh thar phobal na hOllscoile. Sa bhliain 2017, chuir OÉ 41,614 pár agus teastas i gcló do 150 searmanas bronnta. Ina measc sin bhí searmanais bronnta a eagraíodh thar lear, i Singeapór, Hong Cong, Bairéin, an Mhalaeisia, an Spáinn, an tSín, agus Srí Lanca, agus tíortha eile. Cruthaíonn Aonad Bronnta OÉ páir shaincheaptha i dtaca le bronnadh comhchéimeanna agus do chéimeanna bunaithe ar chomhaontuithe comhpháirtíochta in Éirinn agus thar lear.

### Seirbhísí Cáipéisí do Chéimithe

Céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann is ea na céimeanna agus na cáilíochtaí a bhronnann Comh-Ollscoileanna agus i gColáistí Aitheanta OÉ. Chomh maith leis na buntéistiméireachtaí agus teastais uile a sholáthar d'institiúidí OÉ, cuireann OÉ na seirbhísí cáipéisí seo a leanas ar fáil freisin do chéimithe:

1. Cóipeanna de Chéimeanna agus Dioplómaí OÉ (eisithe mar cháipéisí Béarla de thomhas A4)
2. Cóipeanna de Theistiméireachtaí (eisithe mar cháipéisí Laidine de thomhas A3)
3. Cóipeanna de Theastais
4. Fíorú de chóipeanna de cháipéisí OÉ

Tá foirmeacha iarratais ar na seirbhísí seo ar fáil ó shuíomh gréasáin OÉ.

Céimeanna agus cáilíochtaí de chuid Ollscoil na hÉireann is ea na céimeanna agus na cáilíochtaí a bhronnann Comh-Ollscoileanna agus i gColáistí Aitheanta OÉ.



An Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, Penang Medical College an Mhalaeisia, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn & An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Aitheantas Domhanda Oideachas na hÉireann, Searmanas Bronnta, Iúil 2017

**41,800**

pár agus teastas clóite do shearmanais bronnta ag OÉ in 2017

# Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta




**Ainmníodh OÉ mar Chomhlacht Dámhachtana Ainmnithe (DAB) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012. Chuir sé seo treise leis an ról a bhí ag OÉ le fada i dtaca lena Coláistí Aitheanta ina mbronntar céimeanna agus cáilíochtaí eile de chuid Ollscoil na hÉireann, agus rinneadh athshainmhíniú ar fhreagrachtaí i dtaca le dearbhú cáilíochta agus feabhsú.**

## Polasaithe agus nósanna imeachta

In 2016 agus 2017, rinne OÉ tuilleadh forbartha ar a cnuasach de pholasaithe agus nósanna imeachta chun tacú le Coláistí Aitheanta OÉ de réir mar a fhorbraíonn siad cláir nua agus de réir mar a ghabhann siad do ghníomhartha um dhearbhú cáilíochta agus feabhsúchán. Is féidir teacht ar pholasaithe agus nósanna imeachta OÉ i dtaca le cúrsaí acadúla agus dearbhú cáilíochta ar shuíomh gréasáin OÉ.

## Scrúdaitheoirí Seachtracha

Bíonn ról ríthábhachtach ag scrúdaitheoirí seachtracha sa dearbhú cáilíochta ar sholáthar cláir. In 2016 agus 2017, lean OÉ den riar ar chóras na scrúdaitheoirí seachtracha do na Coláistí Aitheanta, do Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus do Uversity. Ina theannta sin, agus mar thoradh ar mholtaí ó na Comh-Ollscoileanna féin, cheap Seanad OÉ scrúdaitheoirí seachtracha do na Comh-Ollscoileanna. Cuirtear tuairiscí na scrúdaitheoirí seachtracha uile ar fáil chuig OÉ, agus cuirtear tuairisc fúthu sin faoi bhráid an tSeanaid.

## Anailís ar Cháilíochtaí OÉ 2006-2014

Sa bhliain 2016, rinneadh staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar raon de cháilíochtaí céime OÉ a bronnadh sna Comh-Ollscoileanna, Coláistí Aitheanta agus ball-institiúidí OÉ eile sa tréimhse 2006 go 2014. Leagadh an bhéim ar chláir a bhfuil príomhghradaim mar thoradh orthu, céimeanna Baitsiléara agus Máistreachta den chuid is mó. Bhí an anailís bunaithe ar na sonraí a tugadh d'Aonad Bronnta OÉ chun páir a tháirgeadh do shearmanais bronnta agus chun clár céimithe OÉ a nuashonrú, agus ar na sonraí sin amháin.

- sa tréimhse sin bhí fás suntasach ar líon iomlán na gcéimithe. I measc na gcáilíochtaí OÉ a dtugtar príomhghradaim orthu, tharla an fás ba mhó sna cáilíochtaí iarchéime, go háirithe céimeanna Máistreachta.
- bhí fás suntasach i líon na gcáilíochtaí OÉ a bronnadh sna Comh-Ollscoileanna OÉ agus i mball-institiúidí eile.
- d'ardaigh líon na gcáilíochtaí a bronnadh faoi 71.1%. Cé go mbaineann cuid mhór den ardú seo le hardú géar (+316.9%) i líon na gclár gearr a mbíonn gradaim nach príomhghradaim mar thoradh orthu, bhí ardú ar líon na bpríomhghradam freisin sa tréimhse chéanna (+25.1%).
- is ar leibhéal na hiarchéime a bhí an fás ba shuntasaí (NFQ: Leibhéil 9 agus 10). Bhí ardú 80% i líon na nDochtúireachtaí a bronnadh thar an tréimhse. Ar leibhéal na Máistreachta, bhí ardú 73% ann agus d'fhás líon na ndioplómaí iarchéime faoi 116.8% (níos mó ná dúbailt). I gcomparáid leis sin, bhí ísliú géar i líon na ngnáthchéimeanna Baitsiléara agus Ard-Dioplómaí. Tá ardú 24.7% tagtha ar líon na gCéimeanna Onóracha Baitsiléara (Tá fás 19.5% ar líon na gCéimeanna Baitsiléara agus na gCéimeanna Onóracha Baitsiléara le chéile

**↑80%**
ardú i líon na nDochtúireachtaí a bronnadh
2006-2014

**↑73%**
ardú ag leibhéal na Máistreachta
2006-2014



Searmanas Bronnta Oinigh 2016: Rae Tosaigh go Cúl, Clé-Deas: an Dr Brian Bourke, an Dr Margaret Mullett, an tOll Helen Watanabe-O'Kelly, an Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an tOll Gearóid Ó Tuathaigh, an Dr Rhona Murphy, an Dr Ruairí Quinn, an tOll Patrick O'Donovan, an tOll Mary Daly, an Dr Nessa Cronin, an tOll Caroline Hussey, an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ, an tOll Colin Scott, an tOll Philip Nolan, an tOll Frank Murray, an tOll Michael Murphy, an tOll Jim Browne.



Searmanas Bronnta Oinigh 2017: Rae Tosaigh go Cúl, Clé-Deas: an Dr Maurice Manning Seansailéir OÉ, an tOll Anngret Simms, an Dr Sinead Kane, an Dr Dearbhla Collins, an Dr Clare Langan, an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ, an Dr Tom Boland, an tOll Niamh Moore-Cherry, an tOll Philip Nolan, an tOll Caroline Fennell, an Dr Finghin Collins, an tOll John McHale, an tOll Pat Guiry, Linda O'Shea Farren.

## Céimeanna Oinigh

Téann an traidisiún de chéimeanna oinigh a bhronnadh siar chomh fada le cairt OÉ 1908. Le breis agus 100 bliain, tá céimeanna oinigh bronnta ag OÉ go príomha chun ómós a thabhairt d'ardchaighdeán acadúil, bíodh sé sna daonnachtaí nó sna heolaíochtaí. Ina theannta sin, tugann an Ollscoil ómós dóibh siúd 'a bhfuil cion suntasach déanta acu don saol poiblí, bíodh sé sin ina gcáil phearsanta nó ina gcáil ionadaíoch, trína bhfuinnimh, seirbhís agus gníomhartha'.

De réir an traidisiúin, tugann OÉ ómós d'oifig Cheann an Rialtais trí ómós dóibh siúd a bhí ina dTaoisigh. Sa bhliain 2017, bhronn OÉ an chéim Dochtúir Dlithe (LLD) ar bheirt iar-Thaoiseach, Brian Cowen agus Enda Kenny.

## Céimeanna ar Shaothair Fhoilsithe

Riarann OÉ bronnadh an gcéimeanna ar shaothar foilsithe, an leibhéal dámhachtana is airde san Ollscoil. Feidhmíonn Coiste na gCéimeanna ar Shaothar Foilsithe thar ceann an tSeanaid i riar an scrúdaithe d'iarrthóirí ar ard-dochtúireachtaí ar shaothar foilsithe.

## Céimeanna Oinigh 2016 agus 2017

### 2016

| | |
|---|---|
| **Brian Bourke**<br>As a chion do chultúr na hÉireann trí phéintéireacht | **DFA** |
| **Rhona Murphy**<br>As a cion don tsláinte phoiblí | **DMed** |
| **Margaret Mullett**<br>As a cion don tseirbhís phoiblí | **LLD** |
| **Professor Helen Watanabe**<br>As a cion don staidéar ar litríocht agus cultúr na Gearmáine | **DLitt** |
| **Professor Gearóid Ó Tuathaigh**<br>As a chion do stair, teanga agus saol poiblí na hÉireann | **DLitt** |
| **Ruairí Quinn**<br>As a chion don saol poiblí | **LLD** |

### 2017

| | |
|---|---|
| **Tom Boland**<br>As a chion don ardoideachas | **DEd** |
| **Finghin Collins agus Dearbhla Collins**<br>As a gcion don cheol | **DMus** |
| **Sinead Kane**<br>As a cion don dlí | **LLD** |
| **Clare Langan**<br>As a cion don mhínealaín | **DFA** |
| **Martin Mansergh**<br>As a chion do shaol poiblí agus seirbhís phoiblí na hÉireann | **LLD** |
| **Anngret Simms**<br>As a cion don tíreolaíocht | **LLD** |

## Céimeanna ar Shaothair Fhoilsithe 2016 agus 2017

### 2016

| | |
|---|---|
| **An Dr Enrico Dal Lago** | **DLitt** |
| **An Dr Liam Fanning** | **DSc** |
| **An Dr John Greally** | **DMed** |
| **An tOll. Thomas Rogers** | **DMed** |
| **An Dr Roy Sleater** | **DSC** |
| **An tOll. William Tormey** | **DMed** |

### 2017

| | |
|---|---|
| **An Dr Mary Murphy** | **Céim DSc** |
| **An Dr Michael J. Solomon** | **Céim DMed** |
| **Suzanne Egan, Uas.** | **Céim LLD** |




An Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ agus an Dr Brian Cowen, iar-Thaoiseach.



Bronnadh Oinigh ar Enda Kenny: Clé-Deas: an tOll Brian Mac Craith, Uachtarán OCBÁC, an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ, an tOll Mark Rogers, Cláraitheoir, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an Dr Enda Kenny iar-Thaoiseach, an Dr Jim Brown, Uachtarán OÉG, an tOll Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad agus an Dr Patrick Prendergast, Propast TCD.

Searmanas Bronnta Duaiseanna, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Samhain 2016.



# Duaiseanna agus Scoláireachtaí

Sprioc lárnach de chuid OÉ is ea cur chun cinn an léinn agus aitheantas ar ardchaighdeán acadúil. Agus tacaíocht agus ómós á thabhairt aige do ghnóthachtáil den chineál sin, cuireann OÉ raon leathan do dhuaiseanna ar fáil dá mic léinn agus céimithe. Cuirtear na duaiseanna seo ar fáil ar gach leibhéal den staidéar acadúil, ó dhuaiseanna foilseacháin do scoláirí sinsearacha, go Comhaltachtaí Iardhochtúireachta agus Scoláireachtaí Taistil ar leibhéal na dochtúireachta, go scoláireachtaí fochéime agus duaiseanna eile, ar luach iomlán thart ar €1,000,000 in aghaidh na bliana. Tá mic léinn agus céimithe ó institiúidí OÉ, lena n-áirítear an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Mhá Nuad, OÉ Gaillimh, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Coláiste San Aingeal, Sligeach agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, ar fad incháilithe ar iarratas a dhéanamh ar ghradaim OÉ. Tá neart de ghradaim, scoláireachtaí agus duaiseanna OÉ bunaithe ar bhronntanais airgeadais stairiúla ó dhaoine a bhí ina gcéimithe OÉ nó a raibh nasc gairmiúil nó pearsanta acu leis an ollscoil thar na mblianta. Bronnann Seansailéir na hOllscoile, an Dr Maurice Manning, Duaiseanna OÉ ar mhic léinn, céimithe agus baill foirne ag searmanas bronnta bliantúil Dhuiseanna OÉ, a bhí ar siúl i mblianta roimhe in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath.

**Seo a leanas raon iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2016 agus 2017:**

### Duaiseanna Foilseacháin

- Duais Taighde Staire na hÉireann
- Duais Foilseacháin i Stair na hÉireann

### Leibhéal Iardhochtúireachta

- Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ sna hEolaíochtaí
- Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ sna Daonnachtaí
- Comhaltacht Iardhochtúireachta OÉ sa Ghaeilge/ Léann Ceilteach

### Leibhéal Dochtúireachta

- Scoláireachtaí Taistil OÉ sna hEolaíochtaí *(lena n-áirítear Scoláireacht Taistil sa Mhatamaitic in onóir an iar-Seansailéara, Éamon De Valera agus mar aitheantas ar chomóradh an chéid ar Éirí Amach 1916)*
- Scoláireachtaí Taistil OÉ sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta *(lena n-áirítear Scoláireacht Taistil san Eacnamaíocht, Polaitíocht agus Polasaí Sóisialta in onóir an Dr T. K. Whitaker nach maireann)*
- Scoláireacht OÉ Denis Phelan *(a bhronntar in éineacht le Scoláireacht Taistil OÉ sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta)*
- Comhaltacht OÉ E. J. Phelan sa Dlí Idirnáisiúnta
- Gradaim Fulbright – OÉ do Thaighdeoirí ar Cuairt
- Scoláireacht OÉ An Dr Mary L Thornton san Oideachas

### Leibhéal Céime agus Iarchéime

- Scoláireacht agus Duais OÉ san Oideachas
- Duaiseanna an Dr T. K. Whitaker sa Ghaeilge
- Scoláireacht OÉ i bhForbairt na Tuaithe
- Scoláireacht Pierce Malone san Fhealsúnacht
- Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ard-Mhéara sa Ghaeilge
- Scoláireacht agus Duais Chiste Theach an Ard-Mhéara i Stair na hÉireann
- Duais Ealaíne agus Deartha OÉ
- Scoláireacht Chumann Londain OÉ
- Boinn Rialtas na Fraince agus Duaiseanna OÉ as Ardghradam ar Chéimeanna Déacha bronnta ag Comh-Ollscoileanna OÉ agus Ollscoileanna Francacha
- Boinn Rialtas na Fraince agus Duaiseanna OÉ as Inniúlacht sa Fhraincis
- Duaiseanna Ambasáid na Spáinne agus OÉ as Inniúlacht sa Spáinnis

### Leibhéal Fochéime

- Scoláireachtaí agus Duaiseanna Liteartha OÉ an Dr H H Stewart (7 n-ábhar)
- Scoláireachtaí agus Duaiseanna Leighis OÉ an Dr H H Stewart (26 ábhar)
- Scéim Duaiseanna OÉ do Mhic Léinn faoi Mhíchumais






## Bonn Cuimhneacháin an Chéid 1916

Sa bhliain ina rinne Éire cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca 1916 mar cheann de na heachtraí is suntasaí i stair na hÉireann, d'fhéach OÉ freisin leis an Éirí Amach a chomóradh ar bhealaí a bhí iomchuí go háirithe don Ollscoil. Ordaíodh boinn cuimhneacháin speisialta chun an Céad a chomóradh. Rinneadh na boinn seo in ómós d'Éamon de Valera, a raibh ról gníomhach aige in eachtraí 1916 agus a bhí ina dhiaidh sin ina Thaoiseach agus ina Uachtarán do chuid shuntasach den 20ú haois. Bhí sé freisin ina Sheansailéir ar Ollscoil na hÉireann ó 1922 go dtí a bhás i 1975. Ag searmanas bronnta 2016 bhronn an Seansailéir reatha bonn cuimhneacháin speisialta ar gach duine a fuair gradam.



## Duaiseanna in Onóir an Dr T. K. Whitaker

**Scoláireacht Taistil an Dr T. K. Whitaker**

Ba é an Dr T. K. Whitaker an tríú Seansailéir ar OÉ. In 2017, mar chomóradh ar chéad bliain ar a lá breithe, an 8 Nollaig, agus ar a bhás an 9 Eanáir 2017, bronnadh Scoláireacht Taistil ina onóir i réimse na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta.

**Duaiseanna an Dr T. K. Whitaker sa Ghaeilge**

Bhí áthas ar OÉ tuilleadh ómóis a thabhairt don Dr T. K. Whitaker in 2017 trí dhá dhuais don Ghaeilge: Duaiseanna an Dr T. K. Whitaker sa Ghaeilge. Cuirtear na duaiseanna seo ar fáil do chomórtas i measc mac léinn atá ag gabháil do chlár Máistreachta sa Ghaeilge.



'Le tacaíocht airgeadais ó Ollscoil na hÉireann cuirtear ar do chumas d'am a chaitheamh ar scrúdú níos mionsonraithe ar na smaointe agus teoiricí atá i gcroílár do thaighde agus freisin ligtear duit gníomhartha breise a dhéanamh a chuidíonn leat do stádas acadúil a fhás lasmuigh den tráchtas dochtúireachta féin, gné ríthábhachtach de shaol PhD na linne seo. Tá níos mó sa ghradam, áfach, ná díreach an t-airgead a thugann sé. Tá pobal cruthaithe ag Ollscoil na hÉireann, agus pobal na scoláirí a nascann sí le chéile, a bhfuil an-tionchar aige agus a bhfuil meas air, laistigh de dhisciplíní agus Ollscoileanna éagsúla ar fud an domhain. Nuair a bhaintear Scoláireacht Taistil amach, ní hamháin go dtugtar muinín do gach faighteoir a gcuid saothair, rud is féidir a bheith gann sa saol acadúil, ach cuirtear ardán bunaithe ar fáil duitse agus dod' thaighde'.

**James Millea, Scoláireacht Taistil sa Cheol 2016. Is céimí ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh é, agus faoi láthair tá sé ag gabháil do PhD i Roinn an Cheoil in Ollscoil Learphoill**

## Scéim Duaiseanna OÉ do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

Tá tacaíocht tugtha ag an Scéim seo do mhic léinn fochéime a bhfuil míchumais fhisiciúla thromchúiseach orthu agus a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do chláir bunchéime i gComh-Ollscoil OÉ, Coláiste Aitheanta nó Coláiste nasctha le Comh-Ollscoil. Tá an scéim ann ó 1981, agus sa tréimhse 2007-2017, bhain breis agus 325 scoláire tairbhe as dáileadh gradaim iomlán de €300,000.

'Tacaí airgeadais a gcuirtear fáilte rompu is ea scoláireachtaí agus duaiseanna OÉ ach, níos tábhachtaí fós, is aitheantas iad ar a ngnóthachtáil a chuidíonn suntas a dhéanamh de na mic léinn seo de réir mar a dhéanann siad iarratais ar na chéad céimeanna eile ina ngairmeacha. Mar thoradh ar na hardchaighdeáin agus ar an measúnú dian a dhéantar chun na duaiseanna OÉ a dhéanamh, tá fíorluach acu chun suntas a dhéanamh de na mic léinn a bhaineann amach iad.'

**An tOllamh Aidan Mulkeen, Leas-Uachtarán Acadúil, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad**

'Fianaise is ea Duaiseanna OÉ ar an inniúlacht acadúil agus tiomantas atá ag gach mac léinn dá n-ábhar. Ar lá na nduaiseanna, feicimid an t-áthas atá orthu as an ngnóthachtáil agus aitheantas faoin gcaoi ina ndéanann gradam chomh clúiteach sin suntas díobh amach anseo'.

**An Dr Pat Morgan, Leas-Uachtarán d'Eispéireas na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann Gaillimh**

**Le haghaidh tuilleadh sonraí féach www.nui.ie, seol r-phost chuig awards@nui.ie nó lean OÉ ar Twitter @NUIMerrionSq nó ar Facebook @NationalUniversityofIreland.**



Searmanas Bronnta, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Samhain 2017.

## Duais Taighde Stairiúil na hÉireann 2017

Tairgtear Duais Taighde Stairiúil na hÉireann gach ré bliain don saothar nua is fearr ar Thaighde Stairiúil na hÉireann, nach mór a bheith foilsithe den chéad uair ag céimí ó Ollscoil na hÉireann. Ní mór don saothar a bheith substaintiúil, de charachtar bunaidh a léiríonn taighde díreach ar thaifid stairiúla. Níl saothair a cuireadh isteach ar an Duais cheana incháilithe ar mheasúnú.

**Duais:**

An tOll Karl Theodore Hoppen, BA, MA, PhD, *Governing Ireland: British Politicians and Ireland* 1800-1921, foilsithe in 2016 ag Oxford University Press.

An Dr Carla King, BA, MA, PhD, *Michael Davitt After the Land League*, 1882-1906, foilsithe in 2016 ag University College Dublin Press. *(Duais Ardmholta Speisialta)*

An tOll Tadhg O hAnnrachain, BA, MPhil, PhD, *Catholic Europe, 1592-1648, Centre and Peripheries*, foilsithe in 2015 ag Oxford University Press. *(Duais Ardmholta Speisialta)*


## Duais Foilseacháin OÉ i Stair na hÉireann 2017

Tairgtear Duais Foilseacháin OÉ i Stair na hÉireann, a tugadh isteach den chéad uair mar Ghradam an Chéid OÉ in 2008, do chomórtas gach re bhliain do chéimithe ó Ollscoil na hÉireann a bhfuil stádas dochtúra acu. Le bheith incháilithe ar mheasúnú don Duais nó mór do shaothair a bheith foilsithe mar chéad leabhar mar údar aonair, i ndiaidh do chéim dochtúireachta a bheith bronnta. Ní mór don saothar a bheith substaintiúil, de charachtar bunaidh a léiríonn taighde díreach ar thaifid stairiúla.

**Duais:**

An Dr Niamh Wycherley, BA, MA, PhD, *The Cult of Relics in Early Medieval Ireland*, foilsithe in 2016 ag Brepols Publishers NV.


An Dr Conor Mulvagh, BA, MPhil, PhD, *The Irish Parliamentary Party at Westminster, 1900-18*, foilsithe in 2016 ag Manchester University Press. *(Duais Ardmholta Speisialta)*










# Seanad Éireann agus Comhghairm OÉ

## OÉ agus Seanad Éireann

Tá ról bunreachtúil ag OÉ clár toghthóirí OÉ Sheanad Éireann a chothabháil, a fhoilsítear an 1 Meitheamh gach bliain. Tá gach duine atá ina s(h)aoránach de chuid na hÉireann agus a fuair céim (seachas céim oinigh) ó Ollscoil na hÉireann i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir ar chlár toghthóirí OÉ. Déanann OÉ a chion go leanúnach leis an tsochaí trína thaithí agus saineolas ar thoghcháin Sheanad Éireann a eagrú.

## Toghchán Sheanad Éireann 2016

Sa bhliain 2016, riar OÉ toghchán Sheanad Éireann i dtoghdas OÉ, a cuireadh i gcrích in Aibreán agus inar toghadh na daoine seo a leanas:

- An Seanadóir Michael McDowell
- An Seanadóir Rónán Thomas Mullen
- An Seanadóir Alice-Mary Higgins



Clé-Deas: Seanadóirí a toghadh i dtoghdas OÉ, Rónán Mullen, Alice Mary Higgins agus Michael McDowell

Ní mór do chéimithe OÉ clárú ach aon uair amháin chun a gcead vótála a éileamh. Ach tá sé tábhachtach go gcuirfeadh céimithe OÉ ar an eolas nuair a athraíonn siad seoladh. Nó mór foirmeacha comhlánaithe agus gach sonra maidir le hathrú seolta a bheith faighte in Oifig OÉ faoin 26 Feabhra in aon bhliain ar leith agus déantar iad a phróiseáil le háireamh sa chlár leasaithe a fhoilsítear an 1 Meitheamh sa bhliain sin.

I gClár an tSeanaid a foilsíodh an 1 Meitheamh 2016 bhí 104,121 céimí, agus leathnaíodh é seo in 2017 chuig ainmneacha 106,286 céimí cláraithe.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin OÉ.

## Comhghairm OÉ

Áiríonn Comhghairm Ollscoil na hÉireann an Seansailéir, an Leas-Seansailéir, Comhaltaí an tSeanaid, Ollaimh agus Léachtóirí agus Céimithe na hOllscoile. I gcomhréir leis na forálacha i Reachtanna na hOllscoile, tá sé de cheangal ar OÉ clár a choinneáil de chéimithe uile na hollscoile, ar a dtugtar Clár na Comhghairme. Tugann an Chomhghairm deis do chéimithe OÉ bheith páirteach i rialachas agus cinnteoireacht na hollscoile. Bíonn toghchán ann d'ochtar comhaltaí chuig Seanad OÉ le Comhghairm gach cúig bliana. Tá gach céimí i dteideal cóta a chaitheamh – nó gá dóibh ach a bpáipéir vótála a iarradh.

## Toghchán Comhghairme 2017

Toghadh ochtar comhaltaí den Chomhghairm chuig Seanad OÉ Dé Máirt an 3 Deireadh Fómhair 2017. Faoi Acht na nOllscoileanna 1997, ní mór ceathrar ban agus ceathrar fear a bheith san ochtar comhaltaí. Toghadh na mná seo a leanas (in ord aibítre) ina gComhaltaí de Sheanad OÉ dá réir.

- De Bhaldraithe Marsh, Clíona Éilis, BA, MA
- Gallagher, Helen, BSc, MPharm, PhD
- Harney, Catherine, BComm, HDip in Ed
- O'Shea Farren, Linda, BCL

Toghadh na fir seo a leanas (in ord aibítre) ina gComhaltaí de Sheanad OÉ dá réir.

- Doorley, James, BA, MA, LL.B (DIT) LL.M (TCD)
- Francis, Tommy, BA, HDip in Ed, MA (Lanc)
- McGrath, Noel, BCL, PhD
- O'Donovan, John Paul, BSc, MBA (Wales)

## 2016: 6 / 2017: 3
Ardchéimeanna Dochtúireachta bronnta ar Shaothar Foilsithe



## 2016: 6
## 2017: 7
céimeanna oinigh a bronnadh





## 2016: 2,936
## 2017: 3,018
cásanna díolúine máithreánaigh próiseáilte

## 2016: €1.2m
## 2017: €1m
a bronnadh i gcomhaltachtaí, scoláireachtaí agus duaiseanna



# 2016/ 2017 in uimhreacha



## 2016: 82
## 2017: 89
eachtraí a tionóladh in OÉ


## 2016: 41,800 / 2017: 41,614
páir agus teastais a cuireadh i gcló



## 2016: €35,000
## 2017: €26,000
a bronnadh mar Dheontais d'Fhoilseacháin Léinn



## 2016: 104,121
## 2017: 106,286
céimithe ar chlár toghthóirí Sheanad Éireann OÉ



## 2016: 210 / 2017: 150
Searmanas Bronnta a tionóladh ar fud phobal OÉ



## 2016 Líon na mac léinn*

| | UCD | UCC | NUIG** | MU** | RCSI | Uversity | IPA | NCAD | Burren College of Art | St Angela's College, Sligo |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **26,806** | **19,949** | **17,878** | **11,120** | **3,419** | **8** | **1404** | **1,377** | **8** | **1,278** |
| Fochéime | 18,154 | 15,247 | 14,043 | 9,120 | 2,257 | 0 | 1,085 | 1,224 | 0 | 813 |
| Iarchéime | 8,652 | 4,702 | 3,835 | 2,000 | 1,162 | 8 | 319 | 153 | 8 | 465 |

MIC LÉINN IOMLÁN **83,247**

MIC LÉINN FOCHÉIME **61,943**

MIC LÉINN IARCHÉIME **21,304**

# Cónaidhm OÉ in uimhreacha 2016

FOIREANN IOMLÁN **10,110.5**

FOIREANN ACADÚIL **5,041.5**

FOIREANN NEAMH-ACADÚIL **5,069**

## 2016 Líon na mball foirne*

| | UCD | UCC | NUIG** | MU** | RCSI | Uversity | IPA | NCAD | Burren College of Art | St Angela's College, Sligo |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **3,342** | **2,705** | **2,116** | **924** | **685** | **5** | **81** | **135** | **9.5** | **107** |
| Foireann acadúil | 1,584 | 1,261 | 1,292 | 500 | 248 | 1 | 30 | 69 | 3.5 | 53 |
| Foireann neamhacadúil | 1,758 | 1,444 | 824 | 424 | 437 | 4 | 51*** | 66 | 6 | 54 |

* Foinse: Staitisticí ÚAO. Is iad na hinstitiúidí féin a sholáthraíonn sonraí faoi mhic léinn an Fhorais Riaracháin, Uversity agus Coláiste Ealaíne na Boirne.
** Áiríonn staitisticí OÉG mic léinn i gColáiste Ósta na Sionainne. Áiríonn staitisticí OÉG agus Mhá Nuad mic léinn Foundation agus Access.
*** As na 51 FTE neamhacadúil san Fhoras Riaracháin, tá 19 páirteach go gníomhach ag tacú le cláir acadúla.

## 2017 Líon na mac léinn*

| | UCD | UCC | NUIG** | MU | RCSI | Uversity | IPA | NCAD | Burren College of Art | St Angela's College, Sligo |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **27,618** | **20,265** | **17,727** | **11,922** | **3,486** | **6** | **1,584** | **1,152** | **12** | **1,322** |
| Fochéime | 18,464 | 15,441 | 13,759 | 9,748 | 2,300 | 0 | 1,310 | 1,009 | 0 | 840 |
| Iarchéime | 9154 | 4,824 | 3,968 | 2,174 | 1,186 | 6 | 274 | 143 | 12 | 482 |

MIC LÉINN IOMLÁN **85,094**

MIC LÉINN FOCHÉIME **61,835**

MIC LÉINN IARCHÉIME **23,259**

# Cónaidhm OÉ in uimhreacha 2017

FOIREANN IOMLÁN **10,187.5**

FOIREANN ACADÚIL **5,088.5**

FOIREANN NEAMH-ACADÚIL **5,099**

## 2017 Líon na mball foirne*

| | UCD | UCC | NUIG** | MU | RCSI | Uversity | IPA | NCAD | Burren College of Art | St Angela's College, Sligo |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **3,473** | **2,761** | **2,126** | **975** | **511** | **5** | **83** | **133** | **9.5** | **109** |
| Foireann acadúil | 1,645 | 1,320 | 1,300 | 528 | 135 | 1 | 31 | 67 | 3.5 | 57 |
| Foireann neamhacadúil | 1,828 | 1,441 | 826 | 447 | 376 | 4 | 52*** | 66 | 6 | 52 |

* Foinse: Staitisticí ÚAO nó staitisticí ó na hinstitiúidí féin. Is Coibhéisigh Lánaimseartha (FTE) iad líon na mball atá liostaithe, ní figiúirí do chomhaireamh daoine. Más féidir, tá siad seo slánaithe suas nó síos chuig an slánuimhir is cóngaraí.
** Áiríonn staitisticí foirne OÉG Coláiste Ósta na Sionainne, ina Scoil sa Choláiste Gnó, Beartais Phoiblí agus Dlí.
*** As na 52 FTE neamhacadúil san Fhoras Riaracháin, tá 21 páirteach go gníomhach ag tacú le cláir acadúla.

# ÓCÁIDÍ

### Eóin Mac Néill: Athmheasúnú ar an Réabhlóidí Scoláire – Seimineár

I Meitheamh na bliana 2016, bhí an Seansailéir, an Dr Maurice Manning, ina chathaoirleach ar an seimineár OÉ *Eoin MacNeill: A Reassessment of the Scholar Revolutionary*. Ag leanúint de chlár cuimhneacháin OÉ do Dheich mBliana an Chomórtha, scrúdaigh an seimineár gnéithe de shaol agus gairm Eóin Mac Néill (1867-1945), comhalta de chéad Seanad OÉ (1908-1914) agus an chéad Ollamh le Luath-Stair na hÉireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug Seanadóir OÉ Michael McDowell, garmhac le hEóin Mac Néill, aitheasc. Tá leabhar á ullmhú atá bunaithe ar an seimineár.

### Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge

I nDeireadh Fómhair na bliana 2016, bhí an 25ú Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge ann in Áras na Gaeilge ag OÉ Gaillimh leis an téama 1916 agus Féiniúlacht Náisiúnta. Rinne OÉ páirtmhaoiniú uirthi seo.

**Acmhainn do na Ball-Institiúidí**
Tá OÉ tiomanta chun a foirgneamh a chur ar fáil mar acmhainn dá ball-institiúidí, agus mar thoradh ar a shuíomh i lár na príomhchathrach is ionad an-áisiúil é do chruinnithe, seimineáir, seoltaí agus ócáidí eile. In 2016 agus 2017, baineadh úsáid as 49 Cearnóg Mhuirfean mar ionad do bhreis agus 130 ócáid óstáilte ag na Comh-Ollscoileanna.

### Léacht an Dr Garret FitzGerald

Mar chuimhneachán ar an iar-Seansailéir, bhunaigh OÉ Léachtaí Cuimhneacháin an Dr Garret FitzGerald, sraith dhébhliantúil de léachtaí ag cainteoirí gradamúla ar thopaicí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo. Tugadh a cúigiú léacht sa tsraith, '*In Defence of the State: Fractious Politics in Hard Times*' ag an Ollamh Brigid Laffan, Stiúrthóir Lárionad Robert Schuman don Ardléann in san Institiúid Ollscoile Eorpach, Flórans, i Meán Fómhair 2016. Is é John FitzGerald, Ollamh Taca i Roinn na hEacnamaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mac le Garret FitzGerald, a thug an freagra.



Seimineár Eoin MacNeill 2016: An Seanadóir Michael McDowell



Léacht E. J. Phelan 2017: Clé-Deas. An Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an tOll Mary Daly, Pat Breen, Uas., TD, Guy Ryder, Uas., Ard-Stiúrthóir EIS, Patricia King, Uas., ICTU, Maeve McElwee, Uas., IBEC agus an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ



Léacht Cuimhneacháin Garret FitzGerald 2017: Clé-Deas: Peter Honohan, an Dr Attracta Halpin Cláraitheoir OÉ, an Breitheamh John MacMenamin, an tOll Brigid Laffan, an Dr Maurice Manning Seansailéir OÉ, an tOll John FitzGerald agus an Dr Mary FitzGerald



Léacht Dhuais Taighde Stairiúil na hÉireann 2017: Clé-Deas: An Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ, an Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an tOll Theodore Hoppen agus an Dr Margaret O'Callaghan

## Léacht Edward J. Phelan

Chuaigh Ollscoil na hÉireann agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair i gcomhar lena chéile chun Léacht Edward Phelan a eagrú. Bunaíodh an tsraith léachtaí seo sa bhliain 2013 in onóir do Edward J. Phelan. Rugadh Edward Phelan in Éirinn, agus bhí gairm chlúiteach aige san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair. An 16 Feabhra 2017 rinne OÉ comhóstáil ar an tríú Léacht Edward J. Phelan OÉ/EIS, '*Women at Work: the Role of the ILO*', a thug an tOllamh Mary Daly, Uachtarán acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí an léacht i Halla an Choláiste, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Bhí freagraí ann ó Pat Breen, Uas., TD, Aire Stáit le haghaidh Fostaíochta agus Gnóthais Bheaga, Maeve McElwee, IBEC, agus Patricia King, ICTU.

## Seimineár Taighde & Seoladh Scéim na nDuaiseanna 2018

Seoladh Duaiseanna OÉ 2018 go hoifigiúil ag Coláiste Anaistéisithe na hÉireann an 5 Nollaig 2017. Ag an ócáid sin freisin seoladh an foilseachán 'The Significance of International Student Mobility in Students' Strategies at Third Level in Ireland' leis an Dr Aline Courtois, Comhalta OÉ an Dr Garret FitzGerald 2014. Chuir an Dr Courtois torthaí a taighde i láthair, a raibh sé de phríomhaidhm aige aghaidh a thabhairt ar an easpa taighde ar eispéiris na mac léinn Éireannacha ag gabháil do shoghluaiseacht ghearrthéarma don staidéar. Thug an tOllamh Patrick Clancy, Ollamh Emeritus le Socheolaíocht, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath freagra. Thug triúr a fuair Scoláireachtaí Taistil OÉ agus Comhaltacht E. J. Phelan sa Dlí Idirnáisiúnta le déanaí cuir i láthair freisin ag an seoladh maidir lena n-eispéiris mar fhaighteoirí Ghradam OÉ go dtí seo agus maidir lena réimsí taighde faoi seach.

## Léacht Dhuais Taighde Stairiúil na hÉireann

Sa bhliain 2017, chuir OÉ tús le cleachtas, a bhfuil sé ar intinn leanúint de sna blianta atá romhainn, de dheiseanna a sholáthar dá buaiteoirí duaiseanna a léann a chur in iúl do lucht éisteachta níos leithne. Léacht a raibh suntas ar leith ag baint leis ab ea léacht leis an Ollamh Theodore Hoppen, a fuair Duais Taighde Stairiúil na hÉireann as a leabhar *Governing Ireland: British Politicians and Ireland 1800-1921* (Oxford University Press, 2016). I léacht dar teideal *'Governing Hibernia and the Making of a Historian of Ireland'* a tugadh i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn an 13 Samhain 2017, scrúdaigh an tOllamh Hoppen príomhthéamaí óna leabhar agus rinne scrúdú tochtmhar freisin ar a chaidreamh féin le hÉirinn nuair a tháinig sé go hÉirinn i 1947 mar theifeach cúig bliana d'aois ón nGearmáin. Thug an Dr Margaret O'Callaghan ó Ollscoil na Banríona Béal Feirste freagra. Foilseoidh OÉ an léacht in 2018.



Seimineár Taighde & Seoladh Scéim na nDuaiseanna 2018: An Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an Dr Aline Courtois, Comhalta Iardhochtúireachta an Dr Garret FitzGerald 2014 agus an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir NUI



Seimineár Eoin McNeill 2016: Clé-Deas: An tOll Liam Mac Mathúna, an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir OÉ, an Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, an Dr Michael Kennedy, Ted Hallett, Uas., iar-Leas-Ambasadóir na Breataine go hÉirinn, agus an Dr Elva Johnston

# Foilseacháin

**www.nui.ie**

Tá sonraí maidir le foilseacháin uile OÉ ar fáil ar líne




## The Significance of International Student Mobility in Students' Strategies at Third Level in Ireland

Sa bhliain 2017, foilsíodh an páipéar taighde seo leis an Dr Aline Courtois, an chéad Chomhalta Iardhochtúireachta OÉ an Dr Garret FitzGerald intí. Is é an chéad cheann de shraith atá beartaithe de pháipéir plé ag eascairt as Coiste Oideachais agus Sochaí OÉ.

## Léacht Cuimhneacháin Garret FitzGerald


Is é an Breitheamh Oinigh John Mac Menamin a thug léacht 2014/2015, agus an ceathrú léacht sa tsraith, in Ollscoil Mhá Nuad i Meán Fómhair 2014, dar teideal *From Nightmare and Dreams to Realities: Citizens, Judges and Democracy in the New Europe*. B'í an Banbharún Nuala O'Loan a thug freagra. D'fhoilsigh OÉ an léacht seo in 2016.

## Douglas Hyde: the Professor of Irish who became President of Ireland

Sa bhliain 2013, bhí seimineár ag OÉ mar cheiliúradh ar sheoladh eagráin mhacasamhlaigh de Lia Fáil, an iris ar thaighde na hÉireann foilsithe ar dtús ag OÉ agus curtha in eagar ag Dúbhghlas de hÍde. Foilsíodh imeachtaí an tseimineáir seo in 2016 mar *Douglas Hyde: the Professor of Irish who became President of Ireland*, in eagar ag Attracta Halpin agus Áine Mannion.

## Éigse: A Journal of Irish Studies

Foilseachán is ea *Éigse: A Journal of Irish Studies* atá dírithe ar chothú an taighde i réimse teanga agus litríocht na Gaeilge. Foilsíodh ann neart de théacsanna nár foilsíodh roimhe de phrós agus véarsa ón tSean-Ghaeilge go Nua-Ghaeilge, lena n-áirítear míreanna ó scéalaíocht ó bhéal. Go rialta, bíonn míreanna tábhachtacha in *Éigse* maidir le gramadach, foclóireacht, pailéagrafaíocht, méadracht agus stair na Gaeilge, chomh maith le raon leathan de thopaicí liteartha na Gaeilge. Bunaíodh ar dtús é le tiomnacht ó Adam Boyd Simpson, agus anois maoinítear foilsiú Éigse trí Scéim Foilseacháin OÉ agus bíonn a fhorbairt á mhaoirsiú ag an gCoiste Foilseachán. Foilsíodh *Éigse* Imleabhar 39 in 2016. Foilsíodh an dara himleabhar i sraith choimhdeach Éigse in 2016 freisin: *Saothrú na Gaeilge Scríofa i Suímh Uirbeacha na hÉireann, 1700-1850*, in eagar ag Liam Mac Mathúna agus Regina Uí Chollatáin.









## Bord Comhairleach Éigse


Sa bhliain 2017, cuireadh Bord Comhairleach Idirnáisiúnta ar bun. Beidh an bord seo ag freastal ó 2017-2021. Is iad seo a leanas na comhaltaí:


- An Dr Micheál Briody, Ollscoil Helsinki
- An tOllamh Mícheál Mac Craith, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- An tOllamh Séamus Mac Mathúna, Ollscoil Uladh
- An tOllamh Seán Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- An tOllamh Brian Ó Conchubhair, Ollscoil Notre Dame
- An tOllamh Philip O'Leary, Boston College
- An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- An tOllamh Roibeard Ó Maolalaigh, Ollscoil Ghlaschú
- An tOllamh Pádraig Ó Siadhail, Ollscoil Saint Mary's
- An tOllamh Erich Poppe, Philipps Universität Marburg
- An tOllamh Jan Erik Rekdal, Ollscoil Oslo
- An tOllamh Gregory Toner, Ollscoil na Banríona Béal Feirste
- An tOllamh Regina Uí Chollatáin, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Féach an suíomh gréasáin do thuilleadh sonraí: www.nui.ie/eigse/**
















## Deontais d'Fhoilseacháin Léinn

Cuireann OÉ deontais i gcúnamh ar fáil in aghaidh na bliana d'fhoilseacháin léinn ag baill foirne Chomh-Ollscoileanna agus Choláistí Aitheanta OÉ, ar bhonn iarratas aonair chuig an Seanad. Faoin scéim, féadfar deontais suas le €3,000 a bhronnadh. Bronnadh deontais foilseacháin de bhreis agus €35,000 san iomlán in 2016 agus €26,000 in 2017. Tá sé d'aidhm ag Scéim Foilseachán OÉ foilseacháin agus taighde léinn ag baill foirne acadúla sna Comh-Ollscoileanna agus sna Coláistí Aitheanta a chur chun cinn agus a spreagadh.












## Education Matters

Tugann OÉ tacaíocht d'fhoilseacháin trí urraíochtaí oideachais, amhail foilsiú Education Matters. An 13 Nollaig 2016, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, TD, an 10ú heagrán de Education Matters in OÉ.

An 12 Nollaig 2017, sheol an tAire Stáit don Ardoideachas, Mary Mitchell O'Connor TD, an 11ú eagrán de *Education Matters: Ireland's Yearbook of Education 2017–18* in OÉ.











**€35,000**
Deontais d'fhoilseacháin a bronnadh in 2016


**€26,000**
Deontais d'fhoilseacháin a bronnadh in 2017

# Cartlanna

**Is in OÉ atá cartlanna Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil Ríoga na hÉireann a bhíodh ann tráth. Tá OÉ tiomanta lena chinntiú go leanfar de na cartlanna luachmhara a choinneáil faoi na coinníollacha is fearr.**

Chuidigh iarrachtaí caomhnaithe a rinneadh le blianta anuas le feabhas a chur ar coinníollacha do stóras na gcartlann agus ar rochtain do thaighdeoirí. Bíonn spéis i gcónaí ag scoláirí agus ginealeolaithe. Tá tábhacht leo do OÉ féin agus déantar iad a cheadú go rialta. Sa bhliain 2017, cuireadh tús le togra chun an chartlann a chatalógú agus chun tagáil sócmhainne agus monatóireacht a dhéanamh ar bhoscaí cartlainne agus míreanna luachmhara cartlainne. Samhlaítear go leanfar den togra seo le linn 2018.

Taisclann luachmhar d'ábhar céadfhoinse is ea an chartlann agus tá sí ar fáil le ceadú ach coinne a dhéanamh. Chun dul in éineacht le tuairisc scríofa ar an gcartlann, ullmhaithe ag ball foirne OÉ ar scor, tá bunachar sonraí nua deartha ag OÉ a ghabhann agus a dhéanann catalógú ar cháipéisí aonair. Mar thoradh air seo, cruthófar Córas Leabharlainne Íomhánna nua ina mbeidh, sa deireadh thiar thall, íomhánna OÉ uile, cinn cartlainne agus cinn reatha. Beidh cáipéisí ón gcartlann a bhaineann le Deich mBliana na gCéad Bliain 1912-1922 mar chuid den Taisclann Dhigiteach nua ar líne, a chuirfidh an t-ábhar ar fáil don phobal acadúil níos leithne agus don phobal i gcoitinne.



Extern Examinership

76 SANDFIELD ROAD,
HEADINGTON,
OXFORD.
TELEPHONE: OXFORD 61639.

26 AUG 1954


Noted

Aug 23 1954

Dear Dr. Wilmot,

With regard to my re-appointment as Extern Examiner in English, my reply is long overdue. I had, of course, hoped for reappointment, and for a term of service with the University, which has treated me so graciously. It is an appointment which gives me the greatest pleasure.

But with the greatest regret I find myself obliged to reconsider the matter, even though I fear this may give offence, and almost certainly will be troublesome. I have been ill nearly all this month; and I find myself unable to maintain the strain of an appointment outside the (heavy) duties I have at present in my own college




and university; and I am advised, or ordered, by my doctor to reduce my commitments as drastically as possible.

I am writing to Professor Hogan about this matter.

Yours sincerely

J.R.R. Tolkien.

Cartlann OÉ. Litir ó J. R. R. Tolkien, údar Lord of the Rings agus The Hobbit, a bhí ina Ollamh le hAngla-Shacsainis in Oxford agus ina scrúdaitheoir seachtrach sa Sean-Bhéarla agus sa Mheán-Bhéarla d'OÉ.



The Registrar, National University of Ireland,
49 Merrion Square, Dublin.

**Hopkins & Hopkins.**
MANUFACTURING JEWELLERS & SILVERSMITHS
WATCHMAKERS, ETC.

TELEGRAPHIC ADDRESS: "MEYTHER, DUBLIN."
TELEPHONE No. 3569.

WE HAVE THE EXACT DUBLIN TIME HAVING INSTALLED A DIRECT CABLE WITH GREENWICH OBSERVATORY.

The Waltham Watch Depôt.
OPPOSITE O'CONNELL MONUMENT.

DUBLIN. 3rd. April 1912.

Refer to: AW/IH.

Dear Sir:

Your letter of the 2nd inst to hand, for which we thank you.

We beg to say that our charge for winding, regulating, oiling, and adjusting, weekly, of twelve office clocks, would be £3. 0s. 0d. per annum. Of course this price would not include repairs for cleaning, mainsprings, or other breakages when necessary.


Kindly let us know if this would be satisfactory, and if so, what day we could commence to wind clocks.

Assuring you of our best attention at all times.

Yours obediently,
HOPKINS & HOPKINS.

THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND.
No. 3.
Received 10 APR 1912
Answered

Cartlann OÉ. Litir le ceannchló gleoite ó Hopkins agus Hopkins, déantóirí clog




Somewhere in France,
19th Oct. 1917.

Sir,
I beg to acquaint you that I have been granted leave to attend the Conferring of Degrees, for the LL.B. and shall be in Dublin on the 29th inst.

I am,
Sir,
Your obedient Servant,
J.R. Duggan B.A.
C.Q.M.S.
Actg. R.Q.M.S.
9th R.D.F.

To:- The Secretary,
National University of Ireland
Dublin.

Cartlann OÉ. Litir ón gCéad Chogadh Domhanda ó 'somewhere in France'.



Sgoil Éanna.
Ráth Fearnáin.

ST. ENDA'S COLLEGE,
RATHFARNHAM.

THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND
No. 3.
Received 17 AUG. 1915
Answered

14-171

16th Aug. 1915.

Dear Sir,

Please let me know whether I am right in gathering from your rules that a pass in Senior Grade Intermediate in Irish, English, French, Arithmetic & Algebra, Geometry, Chemistry, and Drawing will be accepted as equivalent to Matriculation in the case of a student who proposes to follow an Engineering or a Science course in the University.

Yours &c
P. H. Pearse.

Reg. N.U.I.

Cartlann OÉ. Litir ó P.H. Pearse, bunaitheoir Choláiste Éanna agus ceannaire Éirí Amach na Cásca 1916



# Foireann

**Cláraitheoir**
An Dr Attracta Halpin

## Oifigigh Shinsearacha Riaracháin

**Ceann Airgeadais agus Riaracháin**
Denis Dowling Uas.

**Ceann Seirbhísí Ríomhaireachta**
Eric Lamb Uas.

**Ceann Gnóthaí Acadúla agus Clárlainne**
Patricia Maguire Uas.
(ó Lúnasa 2017)

**Oifigigh Riaracháin**
Ann Milner Uas.
Andrea Durnin Uas.
Maura Tierney Uas.

**Cúntóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha**
Gerry Penston Uas.
Karyn O'Brien Uas.
Neil Brennan Uas.
Lisa Nic an Bhreithimh Uas.
An Dr Emer Purcell

**Cúntóirí Feidhmiúcháin**
Audraí O'Driscoll Uas.
(páirtaimseartha)
Maree MacHale Uas.
(páirtaimseartha)
Helen Scanlon Uas.
Eddie Smyth Uas.
Rosemary Sweeney Uas.
(go dtí Meitheamh 2017)

**Fáilteoir**
Gerry Maher Uas.

**Oifigeach Seirbhísí**
Darren Fallon Uas.

## Lá Oscailte OÉ

**Gach Lúnasa, mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, glacann OÉ páirt i Lá Oscailte Chearnóg Mhuirfean.**

Is éard is Lá Oscailte Chearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath ann lá d'imeachtaí speisialta a cheiliúrann oidhreacht shaibhir agus éagsúil Chearnóg Mhuirfean agus an ceantar máguaird. Bíonn deis ag cuairteoirí foirgnimh a fheiceáil nach mbíonn ar oscailt don phobal go minic agus taitneamh a bhaint as cainteanna speisialta, siúlóidí agus ceol i gclár a bhfuil rud éigin ann do gach duine.

Bíonn áthas ar bhaill foirne OÉ turais a thabhairt don phobal timpeall ar Uimhir 49 Cearnóg Mhuirfean. I gcoitinne, bíonn iontas ar dhaoine go mbíonn an deis acu siúl timpeall ar theach Seoirseach a fheidhmíonn mar oifig oibre. Go háirithe, is breá le daoine na múrphictiúir in Oifig an Chláraitheora ar an dara hurlár.



# Stair



OÉ Litreacha Paitinne, 1912

## An Tús Luath

Sa bhliain leis hAcht Choláiste na Banríona bunaíodh trí choláiste nua chun 'an Fhoghlaim a Chur Chun Cinn in Éirinn': Coláiste na Banríona Corcaigh, Coláiste na Banríona Gaillimh agus Coláiste na Banríona Béal Feirste. Osclaíodh na Coláistí seo do theagasc in 1849, agus sa bhliain 1850 nascadh le chéile iad faoi scáth Ollscoil na Banríona na hÉireann, arna bhunú le Cairt Ríoga.

Le hathscript ón bPápa a eisíodh in 1847 cáineadh Coláistí na Banríona mar 'dochrach don reiligiún', agus moladh d'easpaig na hÉireann Ollscoil Chaitliceach a bhunú, de mhúnla Lováine. Ghlac foraithne ó Shionad Dhurlas in 1850 leis an moladh. An 12 Samhain 1851, ceapadh John Henry Newman mar chéad Reachtaire ar an Ollscoil Chaitliceach, institiúid a bunaíodh agus a maoiníodh go neamhspleách ar an Stát. Osclaíodh an Ollscoil Chaitliceach go foirmiúil i Samhain na bliana 1854.

San Acht Oideachais Ollscoile (Éire), 1879 bhí foráil ann chun Ollscoil nua a bhunú in Éirinn, ar a tugadh Ollscoil Ríoga na hÉireann, a raibh a scrúduithe ar oscailt do gach iarrthóir, cé acu ar fhreastal siad ar léachtaí Choláiste nó nár fhreastal. Bronnadh Cairt na hOllscoil Ríoga an 27 Aibreán 1880 agus díscaoileadh Ollscoil na Banríona an 3 Feabhra 1882.

Mar thoradh ar bhunú na hOllscoile Ríoga, bhí deis ann le feabhas a chur ar shuíomh mhic léinn na hOllscoile Caitlicí, nach mbíodh céimeanna aitheanta Ollscoile ar fáil dóibh roimhe sin.

D'athraigh St Patrick's House (anois Áras Newman, Faiche Stiabhna) a ainm go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ghlac ceannas, faoi stiúir na nÍosánach, ar obair uile na hOllscoile Caitlicí, ach amháin teagasc an leighis, a lean i Sráid Cecilia, faoin teideal Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicí.

Lean Coláistí na Banríona i gCorcaigh, Gaillimh agus Béal Feirste ag feidhmiú mar a bunaíodh iad in Acht na bliana 1845, ach ní raibh aon stádas speisialta ar bith acu i dtaca leis an Ollscoil Ríoga, ná ní raibh aon pháirt éifeachtach acu i gcruthú a polasaí ná i ndearadh a cúrsaí.

## OÉ 1908-2018

Le hAcht Ollscoileanna na hÉireann, 1908 bunaíodh dhá Ollscoil nua – Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus díscaoileadh an Ollscoil Ríoga an 31 Deireadh Fómhair 1909. Faoin Acht seo, rinneadh Ollscoil chónaidhmeach den Ollscoil Náisiúnta lena ceannáras i mBaile Átha Cliath agus le trí Chomh-Choláiste bunaithe le Cairt: an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; agus Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. Tugadh stádas agus teideal iomlán nua do Choláistí na Banríona i gCorcaigh agus i nGaillimh. Tugadh bunreacht nua don Choláiste Ollscoil Íosánach, Baile Átha Cliath agus cónascadh í le Scoil Leighis na hOllscoile Caitlicí. Thug an tAcht cumhacht do Sheanad na hOllscoile aitheantas a thabhairt do chúrsaí staidéir in institiúidí eile chun críche céimeanna.

Le hAcht na nOllscoileanna, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 16 Meitheamh 1997, rinneadh athshainmhíniú ar nádúr agus ról Ollscoil na hÉireann. Rinne an tAcht athbhunú freisin ar na trí Chomh-Choláistí de chuid Ollscoil na hÉireann, agus an Coláiste Aitheanta, Coláiste Phádraig, Má Nuad mar Chomh-Ollscoileanna.

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2012, sainmhíníodh an Ollscoil mar 'chomhlacht dámhachtana ainmnithe'. Mar sin, cuireann an tAcht de cheangal ar an Ollscoil socruithe um dhearbhú cáilíochta a bhunú maidir le 'soláthraithe nasctha' a sheachadann cláir oideachais a bhfuil Duaiseanna na hOllscoile mar thoradh orthu. Tá soláthar san Acht freisin d'athbhreithniú tréimhsiúil ar nósanna imeachta na hOllscoile um dhearbhú cáilíochta ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, an tÚdarás a bunaíodh faoin Acht chum maoirsiú a dhéanamh ar dhearbhú cáilíochta ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn.

# Rialachas

Faoi láthair cuimsíonn OÉ ceithre Chomh-Ollscoile, dhá Choláiste Aitheanta agus cúig Choláiste de chuid Comh-Ollscoile. Tá a hÚdarás Rialaithe féin ag ach institiúid laistigh de chónaidhm OÉ; is é Seanad OÉ Údarás Rialaithe foriomlán na hOllscoile, faoi cheannas an tSeansailéara. Le hAcht na nOllscoileanna, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 16 Meitheamh 1997, rinneadh athshainmhíniú ar nádúr agus ról Ollscoil na hÉireann. Rinneadh athbhunú ar an Seanad, atá ina Bhord Rialaithe ar an Ollscoil, le ballraíocht d'ochtar agus tríocha, mar seo a leanas:

- An Seansailéir
- Príomhoifigigh na gComh-Ollscoileanna
- Cláraitheoir na hOllscoile
- Ceathrar comhaltaí ainmnithe ag an Rialtas
- Ceathrar tofa ag gach ceann de na Comh-Ollscoileanna
- Ochtar comhaltaí tofa le Comhghairm
- Ceathrar comhaltaí comhthofa

Faoin Acht, tá feidhmeanna agus freagrachtaí ag Seanad Ollscoil na hÉireann i dtaca leis na nithe seo a leanas: bunriachtanais máithreánaigh a chinneadh; athbhreithniú ar ábhar agus teagasc na gcúrsaí; scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh; céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh.

## An Seanad

Faoi fhorálacha Chairt Ollscoil na hÉireann, tugtar 'An Seanad' ar Bhord Rialaithe na hOllscoile. Déantar cuid mhór d'obair an tSeanaid trína fhochoistí:

- An Buanchoiste
- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Comhairleach Infheistíochta
- Coiste na gCláraitheoirí (Fochoiste na hOifigeach Iontrála)
- An Coiste Oideachais agus Sochaí
- Coiste na gCéimeanna Oinigh
- Coiste na bhFoilseachán
- Coiste na gCéimeanna ar Shaothar Foilsithe

## Airgeadas

Tagann an Coiste Airgeadais le chéile roimh gach Seanad agus, mar sin, bhí sé chruinniú aige in 2016 agus 2017. Gach Samhain cuirtear ráitis airgeadais OÉ faoi bhráid an tSeanaid, a fhaomhann iad, agus ansin cuirtear iad chuig an Údarás um Ard-Oideachas agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.
Tá ráitis airgeadais ar fáil ar **www.nui.ie**

# COMHALTAÍ AN TSEANAID 2017-2022




## Seansailéir

An Dr Maurice Manning MA, DLitt

## Cláraitheoir

An Dr Attracta Halpin, BA, MSc (Dub), MBA (Lond), LLD jure officii

## Príomhoifigigh na gComh-Ollscoileanna

An tOllamh Andrew J. Deeks, BE, MEngSc, PhD (UWA), FIEAust, Leas-Seansailéir, Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An tOllamh Patrick G. O'Shea, PhD, FIEEE, FAPS, FAAAS, Leas-Seansailéir Cúnta, Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, BComm, DipPrAcc, PhD (Leeds), CA (Éire)

An tOllamh Philip Nolan, MB BCh BAO, BSc, PhD, Leas-Seansailéir Cúnta, Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad

## Ainmnithe ag an Rialtas

Ag feitheamh ar ainmniúcháin

## Tofa ag an mBord Rialaithe, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An tOllamh Joe Brady

An tOllamh Pat Guiry

An tOllamh Imelda Maher

An tOllamh Dermot Morgan

## Tofa ag an mBord Rialaithe, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Owen J. Dinneen Uas.

An Dr Marian McCarthy

An Dr Valerie Mannix Boyle

Dermot Breen Uas.

## Tofa ag an mBord Rialaithe, OÉ Gaillimh

An tOllamh Pól Ó Dochtartaigh

An Dr Pat Morgan

Brendan O'Looney Uas.

An Dr Eric Mortimer

## Tofa ag an mBord Rialaithe, Ollscoil Mhá Nuad

An tOllamh Jim Walsh

An tOllamh Marian Lyons

An Dr Joe Larragy

An tOllamh Marie McLoughlin

## Tofa le Comhghairm, 03 Deireadh Fómhair 2017

James Doorley Uas.

Cliona de Bhaldraithe Marsh Uas.

Tommy Francis Uas.

An Dr Helen Gallagher

Catherine Harney Uas.

Noel McGrath Uas.

John P. O'Donovan Uas.

Linda M.P. O'Shea Farren Uas.

## Comhthofa

An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir/Leas-Uachtarán, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An tOllamh John O'Halloran, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

An tOllamh Aidan Mulkeen, Leas-Uachtarán Acadúil, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán, Ollscoil Mhá Nuad

An tOllamh Cathal Kelly, Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

Ghabh an Seansailéir agus an Cláraitheoir a mbuíochas le comhaltaí an tSeanaid 2012-2017 ar imeacht as oifig dóibh: An Dr James J. Brown, an Dr Michael Murphy, an tOllamh Thomas Brazil, Tom Harrington Uas., an tOllamh Patrick M. Shannon, John Loftus Uas., an tOllamh Anthony M. Wheatley, an Dr Piaras MacÉinrí, an Dr Barbara Doyle Prestwich, Rosemary Monahan Uas., Sean Ashe Uas., an Dr Emer Nolan, John Hurley Uas., Ross Higgins Uas., an tOllamh Brigid Laffan, Maria Keogh Uas., an tOllamh Caroline Fennell agus an tOllamh Paul Giller.

**Ollscoil na hÉireann**
National University of Ireland

Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 V583
**T** (353 1) 439 2424 | **E** registrar@nui.ie | **www.nui.ie**